

Staitisticí ar an gCáin Maoine Áitiúil (CMÁ) 2018

Réamhstaitisticí (Meitheamh 2018)

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís a rinneadh ar thuairisceáin a tíolacadh agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le

CMÁ. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh ar Chlár CMÁ na gCoimisinéirí Ioncaim a bheachtú agus dá réir sin ní sonraí críochnaitheacha iad na sonraí atá san áireamh anseo agus teastaíodh roinnt áirithe meastacháin a dhéanamh.

Díríonn na staitisticí san eisiúint seo ar CMÁ 2018.

Foilseofar nuashonruithe in am trátha ar: <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/local-property-tax/index.aspx>. Tá staitisticí i leith blianta roimhe ar fáil ar an leathanach céanna chomh maith.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le CMÁ a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.



Fáltais 2018

Aistríodh fáltais CMÁ de €298m chuig Fáltais an Státchiste in 2018 go dtí seo.

Áirítear riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) leis na fáltais seo chomh maith. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) a bhailiú ó 1 Iúil 2013. Go dtí seo, bailíodh beagnach €71m (lena n-áirítear €1m in 2018).

Comhlíontacht CMÁ 2018

Meastar gurb é 96% an ráta comhlíontachta le haghaidh CMÁ in 2018 faoi láthair.*

Ó mhí Feabhra 2018, eisíodh níos mó ná 236,000 litir chomhlíontachta le haghaidh dliteanais CMÁ i leith gach bliain, agus tá an feachtas comhlíontachta ag leanúint ar aghaidh. Cé go bhfuil mórchuid mór úinéirí maoinne go hiomlán comhlíontach lena n-oibleagáidí CMÁ, tá roinnt bheag cásanna i leith neamhchomhlíontachta ann a fhágann nach mbíonn mórán rogha ag na Coimisinéirí Ioncaim ach smachtbhannaí comhlíontachta a ghearradh le cinntiú go bhfaightear íocaíocht. Bhíothas in ann, áfach, roinnt de na cásanna seo a réiteach ina dhiaidh sin gan na smachtbhannaí éagsúla a ghearradh ina n-iomláine.

Ó mhí Eanáir 2018, roghnaíodh os cionn 1,300 cás lena n-atreorú chuig Sirriaim nó Dlíodóirí go dtí an dáta seo. As na cásanna seo, chuaigh 543 cás os cionn chéim an éilimh go dtí gníomh iomlán bailithe/forfheidhmithe.

Ó mhí Eanáir 2018, diúltaíodh níos mó ná 8,380 iarratas ar imréiteach cánach mar gheall ar neamhchomhlíontacht CMÁ, agus deonaíodh imréiteach ina dhiaidh sin i 97% díobh sin nuair a aontaíodh socrúite íocaíochta. Gearradh os cionn 2,450 formhuirear Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide mar gheall ar neamhchomhlíontacht CMÁ, agus as na cásanna ar iarradh athbhreithnithe ina leith, baineadh nó maolaíodh os cionn 70% de na formhuirir tar éis dliteanais CMÁ a íoc.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint de CMÁ a asbhaint ag an bhfoinse le haghaidh 2018 i gcás 60,500 úinéirí maoinne a bhí faoi réir asbhaint éigeantach in 2017. Le sé mí anuas, eisíodh os cionn 31,200 treoir bhreise asbhainte chuig fostóirí/soláthraithe pinsin i ndáil le húinéirí maoinne neamhchomhlíontachta. Eiseofar treoracha breise sna seachtainí amach anseo i ndáil le húinéirí maoinne ar theip orthu gníomhú de bhun litreacha comhlíontachta.

Chomh maith leis sin, méadaíodh an luacháil ar bhreis agus 12,730 maoin, ag eascairt ó mheascán d'fhéincheartú agus dúshláin ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Athróidh na figiúirí seo de réir mar a roghnaíonn úinéirí maoinne a gcúrsaí CMÁ a chur ina gceart.

*Ríomhtar an ráta comhlíontachta ar fhigiúr ionchasach ón gClár a fhaightear ó eolas Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011/2016 agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh 2018

Bhain aon cheann déag d'Údarás Áitiúla leas as an deis an ráta CMÁ le haghaidh 2018 a athrú (i gcomparáid leis an ráta caighdeánach CMÁ), ag clúdach beagnach 0.9 milliún maoin (gan maoin san áireamh faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil) agus chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoina gcinneadh faoi 30 Meán Fómhair 2017.

Tá na hathruithe riachtanacha déanta go huathoibríoch ag na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh úinéirí maoin le haghaidh CMÁ 2018.

Léirítear sa tábla thíos réimse suimeanna íocaíochta CMÁ le haghaidh 2018 tar éis an Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh CMÁ 2018.

Sa chás nach bhfuil aon athruithe don Fhachtóir Coigeartaithe Áitiúil déanta, gearrtar na rátaí caighdeánacha CMÁ: 0.18% ar bhandaí luachála suas le €1m, 0.25% ar an luach os cionn €1m.

Banda	Réimse Luacha Maoine	An Ráta Caighdeánach (€)	+10% (€)	+7.5% (€)	+5% (€)	+2.5% (€)	-10% (€)	-15% (€)
1	€0-100k	90	99	97	94	92	81	76
2	€100-150k	225	247	242	236	231	203	191
3	€150-200k	315	346	339	330	323	284	267
4	€200-250k	405	445	435	425	415	365	344
5	€250-300k	495	544	532	519	507	446	420
6	€300-350k	585	643	629	614	600	527	497
7	€350-400k	675	742	726	708	692	608	573
8	€400-450k	765	841	822	803	784	689	650
10	€500-550k	945	1,039	1,016	992	969	851	803
12	€600-650k	1,125	1,237	1,209	1,181	1,153	1,013	956
14	€700-750k	1,305	1,435	1,403	1,370	1,338	1,175	1,109
16	€800-850k	1,485	1,633	1,596	1,559	1,522	1,337	1,262
18	€900-950k	1,665	1,831	1,790	1,748	1,707	1,499	1,415
€1m	€1m+	1,800	1,980	1,935	1,890	1,845	1,620	1,530
€1.5m	€1m+	3,050	3,355	3,279	3,202	3,126	2,745	2,592
		20 Comhairle	Laois, Tiobraid Árann, Loch Garman	Luimneach	An Longfort, Ciarraí	Cathair & Contae Phort Láirge	Fine Gall	Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Anailís de réir Údarás Áitiúil – Bailiú agus Comhlíontacht go dtí seo i leith 2018

Réamhanailís atá i gceist leis an anailís seo. Tá roinnt meastacháin i gceist leis, go háirithe i dtaca le dáileadh na bhfigiúirí agus na suimeanna de réir Údarás Áitiúil.

Údarás Áitiúil Údarás	Maoine Tuairiscithe *	Ráta Comhlíontachta **	CMÁ Bailithe ***
	CMÁ 2018 (i bhfoirm mílte)	CMÁ 2018 (%)	CMÁ 2018 (€ milliún)
Ceatharlach	22.8	97.7	2.9
An Cabhán	30.5	97.1	3.5
An Clár	52.8	97.6	7.7
Cathair Chorcaí	53.6	94.9	8.7
Contae Chorcaí	166.0	97.5	30.3
Dún na nGall	72.1	91.3	8.6
Cathair Bhaile Átha Cliath	228.5	92.8	51.6
Dún Laoghaire–Ráth an Dúin	83.1	95.1	31.4
Fine Gall	103.3	99.0	22.8
Cathair na Gaillimhe	32.1	96.9	6.4
Contae na Gaillimhe	71.4	96.6	10.9
Ciarraí	68.4	94.4	11.9
Cill Dara	78.6	97.8	14.6
Cill Chainnigh	36.5	96.7	5.5
Laois	30.4	98.9	3.9
Liatroim	16.1	94.0	1.7
Cathair & Contae Luimnigh	78.3	95.8	12.3
An Longfort	16.9	94.7	1.8
Lú	49.9	96.0	6.8
Maigh Eo	58.7	94.1	8.3
An Mhí	68.3	97.7	11.5
Muineachán	22.9	95.6	3.0
Uíbh Fhailí	28.5	95.9	3.7
Ros Comáin	27.8	96.7	3.2
Sligeach	30.2	95.2	4.0
Deisceart Bhaile Átha Cliath	97.7	98.4	18.0
Tiobraid Árann	65.0	96.5	10.0
Cathair & Contae Phort	50.8	96.2	7.1
An Iarmhí	35.6	97.1	4.7
Loch Garman	64.2	96.8	10.0
Cill Mhantáin	52.7	96.7	12.0
	1,894	96	339

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

* Folaíonn sé seo treoracha tar-rollta (0.70m), treoracha nua (0.90m), maoine faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil a bhfuil tuairisceán tugtha ina leith go dtí seo (0.13m), míreanna oibre (0.01m) agus maoine a bhfeidhmítear asbhaint éigeantach ag an bhfoinse ina leith (0.10m).

** Mar gheall ar shlanú figiúirí, feadfaidh sé nach dtiocfaidh an ráta comhlíontachta leis na figiúirí a fhaightear nuair a dhéantar meastachán ó na figiúirí thuas. Déantar an ráta comhlíontachta a ríomh ó fhigiúir ionchasach Cláir a léitear ó fhaisnéis Daonáirimh 2011/2016 de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

*** Folaíonn CMÁ a bailíodh do 2018 agus €56m i réamhíocaíochtaí a fuarthas in 2017 agus €283m go dtí seo in 2018. Folaíonn Fáltais an Státchiste a bailíodh in 2018 (go dtí seo) agus CMÁ de luach €14m le haghaidh blianta roimhe seo agus Muirear Teaghlaigh de €1m.

Anailís de réir Údarás Áitiúil – Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse i leith 2018

Feidhmíodh asbhaint éigeantach ag an bhfoinse i leith CMÁ ar tuairim is 100,000 maoin le haghaidh CMÁ 2018. Léirítear ar an tábla thíos dáileadh na maoin seo de réir Údarás Áitiúil i ngach aon bhliain.

Féadfaidh sé go n-athróidh na figiúirí seo de réir mar a chuireann úinéirí maoin a gcúrsaí cánach ina gceart. Réamhanailís atá i gceist leis an anailís, agus tá roinnt meastacháin i gceist leis i dtaca le dáileadh na bhfigiúirí de réir Údarás Áitiúil.

Údarás Áitiúil Údarás	Maoine faoi réir Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse 2018 CMÁ (%)
Ceatharlach	1.4
An Cabhán	1.8
An Clár	2.8
Cathair Chorcaí	2.2
Contae Chorcaí	9.1
Dún na nGall	3.5
Cathair Bhaile Átha	9.9
Dún Laoghaire–Ráth	2.5
Fine Gall	6.1
Cathair na Gaillimhe	1.5
Contae na Gaillimhe	3.9
Ciarraí	2.8
Cill Dara	5.0
Cill Chainnigh	2.2
Laois	2.3
Liatroim	0.8
Cathair & Contae	4.4
An Longfort	0.9
Lú	3.4
Maigh Eo	2.7
An Mhí	4.7
Muineachán	1.2
Uíbh Fhailí	1.8
Ros Comáin	1.5
Sligeach	1.6
Deisceart Bhaile Átha	5.6
Tiobraid Árann	3.4
Cathair & Contae	2.9
An Iarmhí	2.3
Loch Garman	3.3
Cill Mhantáin	2.5
100	

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Modhanna Íocaíochta le haqhaidh 2018

Cineál Íocaíochta	CMÁ 2018* (%)
Treoir Dochair Bhliantúil**	17.5
Cárta Creidmheasa	4.8
Cárta Dochair,	18.4
Dochar Díreach	23.2
Údarú Dochair Aonair	0.6
Asbhainte ag an bhFoinse	15.6
Soláthraí Seirbhíse	13.2
Íocaíocht Eile	6.6
	100

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2018 bunaithe ar thar-rolladh 2017 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2018.

** Is éard is Treoir Dochair Bhliantúil ann ná modh roghnach íocaíochta a mhaireann bliain nó ar feadh blianta iomadúla.

Éilimh ar Dhíolúine nó Iarchur i leith 2018

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 48,000 éileamh ann ar dhíolúine ó mhaoine a bhfuil tuairisceáin tíolactha ina leith le haghaidh 2018.

Cineál na Díolúine (Féinmheasúnú)	CMÁ 2018 *	
	Líon (i bhfoirm mílte)	%
Gníomhaíochtaí áineasa carthanúla	0.2	0.5
Carthanas/Comhlacht Poiblí faoi úinéireacht chun críocha sóisialta	7.6	15.7
Maoine taidhleoireachta	0.0	0.0
Maoin a ceannaíodh mar áit chónaithe in 2013	11.7	24.1
Go hiomlán faoi réir rátaí Tráchtála	2.3	4.7
Breiteacht fhadtéarmach	7.6	15.6
Tithe soghluaiste	0.3	0.6
Nua & Neamhúsáidte roimhe seo idir 1/1/2013 agus 31/12/2018**	5.2	10.8
Tithe altranais	0.3	0.6
Damáiste pírite	1.4	2.9
Áit chónaithe duine faoi éagumas dian	2.0	4.1
Eastáit tithíochta neamhchríochnaithe	3.3	6.8
Neamhdhíolta ag an tógálaí/forbróir	6.6	13.6
	48	100

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2018 bunaithe ar thar-rolladh 2017 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2018.

** Ní fholaíonn sé seo ach amháin maoine ar thíolaic duine dliteanach tuairisceán ina leith ag éileamh na díolúine. Sa chás gur ceannaíodh maoine nua agus neamhúsáidte roimhe sin le linn na tréimhse luachála reatha (2013–2019) níl aon dualgas ann tuairisceán CMÁ a thíolacadh de bhrí nach bhfuil siad faoi dhliteanas cánach go dtí an chéad tréimhse eile luachála. Gabhann na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, sonraí a bhaineann le maoine nua agus nár úsáideadh roimhe ar an gClár CMÁ trí thaifid Dleachta Stampa agus trí fhoinsí éagsúla eile faisnéise ach ní áirítear anseo iad de bhrí nach meastar iad a bheith dliteanach i leith 2013–2019.

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 63,000 éileamh ann ar iarchur in 2017. Éilítear an formhór díobh trí thuairisceáin CMÁ ach is gá roinnt éileamh ar iarchur (le haghaidh Caillteanas Airgeadais Suntasach, mar shampla) a éileamh ar fhoirmeacha ar leithligh a thíolactar do na Coimisinéirí Ioncaim.

Éilimh ar Iarchur	CMÁ 2018*	
	Líon (i bhfoirm mílte)	%
Seiceadóir/Riarthóir Eastáit	0.8	1.3
Caillteanas Airgeadais Suntasach	0.2	0.3
Faoin Tairseach Ioncaim	61.3	96.9
Duine Dliteanach Dócmhainneach	1.0	1.5
	63	100

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2018 bunaithe ar thar-rolladh 2017 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2018.